



THE LABOUR COURT

An Chúirt Oibreachais

Nósanna Imeachta Gearáin 2022-2024

Nuashonraithe Meán Fómhair 2022

Clár na nÁbhar

1. Ár ngealltanás	3
2. Cad iad na saincheisteanna a thagann faoi raon feidhme na nósanna imeachta gearán.....	3
3. Cad iad na saincheisteanna nach dtagann faoi raon feidhme na nósanna imeachta gearán	3
4. Conas gearána dhéanamh	4
5. Cad a tharlaíonn nuair a fhaighimid gearán foirmiúil	4
6. Cad a tharlaíonn mura mbím sástá	4
7. Cad a tharlaíonn nuair a fhaighimid Foirm Gearán Foirmiúil.....	4
8. Gearán a dhéanamh faoin Acht um Míchumas 2005	4
8.1 Conas gearán a dhéanamh faoin Acht um Míchumas 2005.....	5
8.2 Conas a dhéanfaidh an Chúirt imscrídú ar ghearán faoin Acht um Míchumas.....	5

8.3 Ár n-Oifgeach fiosrúcháin.....	5
8.4 An rud a dhéanfaidh an t-Oifgeach Fiosrúcháin.....	5
FOIRM - DÉAN GEARÁN	7
FOIRM ATHBHREITHNITHE GEARÁIN	8

1. Ár ngealltanás

Tá an Chúirt Oibreachais tiomanta do chálíocht, oscailteacht agus tréadhearcacht a chur chun cinn maidir le seachadadh ár seirbhísí. Fáiltímid roimh d'aiseolas agus déileálfaimid le do chuid tuairimí agus gearán go críochnúil, go cothrom agus go pras.

Mura bhfuil tú sásta leis an gcaighdeán seirbhíse a fhaigheann tú, nó má bhraitheann tú go bhféadfaí feabhsuithe a dhéanamh, cuir é sin in iúl dúinn.

Sainmhínímid gearán mar léiriú míshástachta maidir le soláthar seirbhíse nó seirbhísí ag an gCúirt Oibreachais, mar atá leagtha amach faoi na gealltanais inár gCait Chustaiméirí agus inár bPlean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí.

Má tá cúis ghearáin agat maidir le gníomhartha riarracháin na Cúirte, ba cheart é a threorú i dtosach báire chuig an réimse ábhartha i Rannóg Riaracháin na Cúirte Oibreachais. Déanfaidh ár gcomhaltaí foirne ansin iarracht déileáil leis an bhfadhb gan mhoill nó, mura mbaineann an gearán le seirbhís a sholáthraímid, díreoidh chuig an gcomhlacht cuí tú. Mura bhfuil ainm an duine sa rannóg ar eolas agat chun teagmháil a dhéanamh leis, nó mura bhfuil tú cinnte céin comhlacht ar cheart duit do ghearán a dhéanamh leis, déan teagmháil le HEO – Riarachán Ginearálta.

Mura féidir le foireann na rannóige do ghearán a réiteach, nó má tá tú míshásta lena bhfreagra, is féidir leat gearán foirmiúil a dhéanamh leis an HEO – Riarachán Ginearálta, a fhiosróidh an gearán ar do shon.

2. Cad iad na saincheisteanna a thagann faoi raon feidhme na nósanna imeachta gearán

Is féidir le custaiméirí ar mian leo gearán a dhéanamh faoi chaighdeán na seirbhíse do chustaiméirí a chuireann an Chúirt Oibreachais ar fáil, gearán a dhéanamh faoinár Nósanna Imeachta Gearán.

Mar shampla, d'fhéadfadh gearán a bheith bainteach le:

- Freagraí ar litreacha/ríomhphoist nach bhfuil á n-eisiúint laistigh de fhrámaí ama inghlactha;
- Deacrachartaí teagmháil a dhéanamh linn;
- Faisnéis mhícheart a chuirimid ar fáil;
- Do bharúil gur thit an bealach ar caitheadh leat faoi bhun caighdeán inghlactha na gairmiúlachta agus na cúirtéise.

3. Cad iad na saincheisteanna nach dtagann faoi raon feidhme na nósanna imeachta gearán

Ní chlúdaíonn na nósanna imeachta gearán Moladh/Cinneadh/Ordú arna dhéanamh ag an gCúirt Oibreachais. Ní féidir cinntí maidir le cearta fostáiochta a achomharc ach amháin ar phointe dlí chuig an Ard-Chúirt. Ní chlúdaíonn na nósanna imeachta gearán freisin seoladh éisteachta na Cúirte ná cinnteoireacht ag an gCathaoirleach i bhfeidhmiú a fheidhmeanna reachtúla nó a feidhmeanna reachtúla agus i mbainistiú sceideal éisteachta na Cúirte. Is féidir aon ábhar a easraíonn as stiúradh na héisteachta ná an chinnteoireachta ag an gCathaoirleach i bhfeidhmiú a fheidhmeanna reachtúla ná a feidhmeanna reachtúla agus as bainistiú sceideal éisteachta na Cúirte a ardú leis an gCathaoirleach trí scríobh chuig:

Oifig an Chathaoirligh
An Chúirt Oibreacais
Teach Lansdún
Bóthar Lansdún
Baile Átha Cliath 4
D04 A3A8

4. Conas gearána dhéanamh

- Comhlánaigh an fhoirm Déan Gearán ar fáil ag
<https://www.labourcourt.ie/en/publications/customer-charter/>
- Seol an fhoirm ar ríomhphost chuig info@labourcourt.ie agus marcáil í, le do thoil, FAO of HEO – Riarachán Ginearálta nó cuir sa phost í chuig HEO - Riarachán Ginearálta, An Chúirt Oibreacais, Teach Lansdún, Bóthar Lansdún, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4, D04 A3A8.

5. Cad a tharlaíonn nuair a fhaighimid gearán foirmiúil

Déileálfaimid le do ghearán go cuí, go cothrom agus go neamhchlaonta. Admhóimid do ghearán laistigh de 5 lá oibre agus tabharfaimid freagra laistigh de 15 lá oibre. Nuair nach féidir é sin a dhéanamh, rachaimid i dteaghmáil leat agus inseoimid duit cathain a bheimid ag súil le freagra iomlán a thabhairt duit.

6. Cad a tharlaíonn mura mbím sásta

Mura bhfuil tú sásta leis an bhfreagra, is féidir leat athbhreithniú a lorg trí:

- An Fhoirm Athbhreithnithe ar Ghearáin atá ar fáil ag
<https://www.labourcourt.ie/en/publications/customer-charter/>
- Seol an fhoirm ar ríomhphost chuig info@labourcourt.ie agus marcáil í, le do thoil, FAO of HEO – Riarachán Ginearálta nó cuir sa phost í chuig HEO - Riarachán Ginearálta, An Chúirt Oibreacais, Teach Lansdún, Bóthar Lansdún, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4, D04 A3A8.
- **Ní mór duit an t - athbhreithniú seo a lorg laistigh de 15 lá oibre ó dháta an fhógra ar an bhfreagra a fuair tú ón gCúirt Oibreacais a dhéileálann le do ghearán bunaidh.**

7. Cad a tharlaíonn nuair a fhaighimid Foirm Gearán Foirmiúil

Admhóimid do ghearán laistigh de 5 lá oibre agus tabharfaimid freagra laistigh de 15 lá oibre. Nuair nach féidir é sin a dhéanamh, rachaimid i dteaghmáil leat agus inseoimid duit cathain a bheimid ag súil le freagra iomlán a thabhairt duit.

8. Gearán a dhéanamh faoin Acht um Míchumas 2005

Baineann ailt 25, 26, 27 nó 28 den Acht um Míchumas 2005 le rochtain ag daoine faoi mhíchumas ar:

- saoráidí poiblí na Cúirte Oibreacais;
- Seirbhísí na Cúirte Oibreacais;
- seirbhísí a sholáthraítear don Chúirt Oibreacais; agus
- faisnéis.

Má bhraitheann tú nár chomhlíon an Chúirt Oibreacais aon cheann de na hailt seo, d'fhéadfá gearán a dhéanamh **i scríbhinn** de réir Alt 38 den Acht um Míchumas 2005.

8.1 Conas gearán a dhéanamh faoin Acht um Míchumas 2005

- Is féidir le duine, nó is féidir lena c(h)eile, lena p(h)áirtnéir, lena t(h)uismitheoir nó lena c(h)aomhnóir; nó le duine atá ag gníomhú in loco parentis; ionadaí dlíthiúil; abhcóide pearsanta, arna shannadh ag an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh chun ionadaíocht a dhéanamh don duine sin nó ag duine atá ag tacú thar ceann an duine sin lena c(h)omhthoiliú.
- **Ní mór gearán a dhéanamh i scríbhinn** ar féidir r-phost a chur leis, agus ba cheart duit do shonraí teagmhála go léir, nó sonraí teagmhála gach duine a dhéanann an gearán thar do cheann, a chur ar fáil.
- Ba cheart a lua sa ghearán gur gearán é faoi Alt 38 den Acht um Míchumas 2005 agus ba cheart, chomh fada agus is féidir, na forais leis an ngearán a leagan amach go soiléir ann ar cheart go mbainfeadh sé le mainneachtain na Cúirte rochtain a sholáthar ar a foirgnimh phoiblí, a seirbhísí, a seirbhísí a chuirtear ar fáil don Chúirt nó faisnéis.

Ní mór an gearán a dhéanamh le:

Cathaoirleach

Teach Lansdún

Bóthar Lansdún

Baile Átha Cliath 4

D04 A3A8

Cuir ríomhphost chuig info@labourcourt.ie

8.2 Conas a dhéanfaidh an Chúirt imscrúdú ar ghearán faoin Acht um Míchumas

Ceapfar Oifigeach Fiosrúcháin nuair a gheofar gearán.

8.3 Ár n-Oifigeach fiosrúcháin.

De réir alt 39(1) den Acht um Míchumas 2005, d'fhéadfá an Cathaoirleach, mar cheann na Cúirte Oibreacais, Oifigeach Fiosrúcháin a údarú chun gearán a imscrúdú. Beidh Oifigeach Fiosrúcháin neamhspleách i gcomhlíonadh a f(h)eidhmeanna. Déanfar imscrúdú arna dhéanamh ag Oifigeach Fiosrúcháin a riadarh go príobháideach.

8.4 An rud a dhéanfaidh an t-Oifigeach Fiosrúcháin

- Nuair a fhaigheann sé/sí an gearán, arna tharchur ag an gCathaoirleach, admhóidh an t-Oifigeach Fiosrúcháin go bhfuarthas an gearán don duine a rinne an gearán.
- Scrúdóidh an t-Oifigeach Fiosrúcháin an gearán chun a fháil amach an mbaineann sé le mainneachtain líomhnaithe de chuid na Cúirte Oibreacais Ailt 25, 26, 27 agus 28 den Acht

um Míchumas, 2005 a chomhlíonadh. I gcás go measann an t-Oifigeach Fiosrúcháin go bhfuil an gearán suaibhreosach nó cráiteach, cuirfidh sé nó sí é sin in iúl don Chathaoirleach agus don duine a rinne an gearán. Seachas sin, déanfaidh sé nó sí imscrúdú ar an ngearán.

- D'fhéadfá an t-Oifigeach Fiosrúcháin tuilleadh faisnéise/sonraí a iarraidh ar an duine a rinne an gearán agus féadfaidh sé/sí a éileamh go gcuirfear an fhaisnéis/na sonraí sin ar fáil laistigh de thréimhse shonraithe.
- Mura gcuireann tú an t-eolas seo ar fáil rachaidh an t-Oifigeach Fiosrúcháin ar aghaidh leis an imscrúdú.
- D'fhéadfá an t-Oifigeach Fiosrúcháin dul i gcomhairle leis na páirtithe go léir a mheasann sé nó sí a bheith cuí maidir leis an ábhar.
- I rith an imscrúdaithe, d'fhéadfá an t-Oifigeach Fiosrúcháin agallaimh a dhéanamh le cibé daoine a mheasann sé nó sí a bheith cuí, lena n-áirítear an duine a rinne an gearán, chun an fhaisnéis go léir is gá chun teacht ar chinneadh.
- Coinneoidh an t-Oifigeach Fiosrúcháin taifead scríofa dá (h) imscrúdú.
- Uillmhóidh an t-Oifigeach Fiosrúcháin tuarascáil i scríbhinn ar thorthaí an imscrúdaithe ina leagfar amach a chuid torthaí mar aon le cinneadh maidir leis na nithe seo a leanas:
 - Cibé acu a rinne nó nach ndearna an Chúirt Oibreacais mainneachtain na forálacha iomchuí den Acht um Míchumas, 2005, a chomhlíonadh agus,
 - má léiríonn cinneadh den sórt sin gur tharla mainneachtain den sórt sin, na bearta a cheanglaítear ar an gCúirt Oibreacais a dhéanamh chun an fhoráil nó na forálacha lena mbaineann a chomhlíonadh.

Seolfaidh an t-Oifigeach Fiosrúcháin cóip dá t(h)uarascáil chuig an gCathaoirleach agus chuig an duine a rinne an gearán. Cuirfidh an tuarascáil seo deireadh le himscrúdú do ghearán laistigh den Chúirt Oibreacais.



THE LABOUR COURT
An Chúirt Oibreachais

FOIRM - DÉAN GEARÁN

Léigh Nósanna Imeachta na Cúirte Oibreachais maidir le
Gearán 2022 - 2024

Ainm:	
Seoladh:	
Uimh. Theil:	
Seoladh Ríomhphoist:	
Tabhair breac-chuntas ar do gheárán, le do thoil, ag tabhairt dátaí agus cóipeanna d'aon doiciméid, más cuí	
Mínigh, le do thoil, cad iad na céimeanna atá glactha agat, mar aon le dátaí, chun do gheárán a réiteach	
Mínigh cén fáth a bhfuil tú míshásta leis an bhfreagra a fuair tú	

Sínithe: _____ Dáta: _____

Le haghaidh tuilleadh eolais, téigh i dteagmháil le:

**HEO - Riarachán Ginearálta na
Cúirte Oibreachais
Teach Lansdún**

Bóthar Lansdún
Baile Átha Cliath 4
D04 A3A8



THE LABOUR COURT
An Chúirt Oibreachais

FOIRM ATHBHREITHNITHE GEARÁIN

Léigh Nósanna Imeachta na Cúirte Oibreachais maidir le
Gearán 2022 - 2024

Ainm:	
Seoladh:	
Uimh. Theil:	
Seoladh Ríomhphoist:	
Mínigh cén fáth nach bhfuil tú sásta leis an bhfreagra a fuair tú go dtí seo uainn maidir leis na céimeanna a ghlacamar chun déileáil le do ghearán.	
Tabhair aon fhaisnéis chúlra bhrefise a mheasann tú a d'fhéadfadh a bheith ábhartha.	

Sínithe: _____ Dáta: _____

Le haghaidh tuilleadh eolais, téigh i dteagmháil le:

HEO - Riarachán Ginearálta na
Cúirte Oibreachais
Teach Lansdún

**Bóthar Lansdún
Baile Átha Cliath 4
D04 A3A8**